Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Samhain 2021
(OR. en)

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0293(COD)**

13809/1/21
REV 1

LIMITE

TELECOM 415
DIGIT 158
CYBER 289
COMPET 805
RECH 501
PI 108
MI 834
EDUC 376
JAI 1212
ENFOPOL 421
COSI 223
CODEC 1459

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 11900/21 |
| Ábhar: | Proposal for a Decision of the European Parliament and of the Council establishing the 2030 Policy Programme “Path to the Digital Decade”<br>- Progress report |

## I. RÉAMHRÁ

1. Ghlac an Coimisiún an togra le haghaidh Cinneadh lena mbunaítear Clár Beartais 2030 "Conair i dtreo na Deacáide Digití" (PtDD) an 15 Meán Fómhair 2021[1] Is é is aidhm don chlár beartais a áirithiú go mbainfidh an tAontas a chuspóirí agus a spriocanna amach i dtreo claochlú digiteach a dhéanamh ar ár sochaí agus ar ár ngeilleagar i gcomhréir le luachanna an Aontais, lena ndéanfar a cheannaireacht dhigiteach agus a athléimneacht a athneartú agus beartais dhigiteacha chuimsitheacha inbhuanaithe duinelárnach a chur chun cinn lena gcumhachtófar saoránaigh agus gnólachtaí.

[1] 11900/21.

2. Meabhraítear sa togra na spriocanna nithiúla digiteacha, mar a bunaíodh iad sa Teachtaireacht maidir le Compás Digiteach an 9 Márta 2021, atá le baint amach ag an Aontas ina iomláine faoi dheireadh na ndeich mbliana seo. Ansin leagtar amach foirm nua rialachais leis na Ballstáit, trí shásra comhair bhliantúil idir institiúidí an Aontais agus na Ballstáit chun a áirithiú go mbainfidh an tAontas a uaillmhian amach go comhpháirteach.

Ar bhonn níos sonraí, is é an aidhm atá leis an méid seo a leanas a bhaint amach:

- Scileanna bunúsacha digiteacha do sciar 80% den daonra ar a laghad agus 20 milliún gairmí digiteach ardoilte;
- Bonneagair dhigiteacha inbhuanaithe atá slán agus feidhmiúil (nasc líonra gigighiotáin do gach teaghlaigh, 5G i ngach limistéar ina bhfuil daonra ann, méadú ar tháirgeadh leathsheoltóirí, néal-imeall-nóid shlána agus ríomhairí luathaithe candamach);
- Claochlú digiteach gnólachtaí (3/4 de chuideachtaí an Aontais ag baint úsáid as an néal/as an intleacht shaorga/as mórshonraí, aonbheannaigh a mhaoiniú, déine dhigiteach do FBManna);
- Digiteáil na seirbhísí poiblí (seirbhísí poiblí agus taifid leighis a bheith ar fáil go huile is hiomlán ar líne, 4/5 de dhaonra an Aontais ag úsáid eID).

Chun na críche sin, mhol an Coimisiún sásra um chomhar leanúnach idir institiúidí an Aontais agus na Ballstáit chun bealaí a shainaithint le haghaidh a thabhairt ar easnaimh i réimsí ina léirítear sa tuarascáil bhliantúil is déanaí bearnaí suntasacha agus easnaimh shuntasacha. Is é atá i gceist leis sin faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn digiteach a chuirfear i láthair i dtuarascáil bhliantúil ar 'Staid na Deacáide Digití', a chuirfear faoi bhráid na Parlaiminte agus na Comhairle.

3. I bParlaimint na hEorpa, sannadh an togra don Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinnimh (ITRE). Is í Martina Dlabajová (Renew Europe, an tSeicia) an Raportéir don chomhad. Níor ghlac coiste ITRE a thuarascáil fós.

4. An 27 Deireadh Fómhair 2021, iarradh ar Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim a thabhairt maidir leis an togra, a bhfuiltear ag súil leis sa chéad ráithe de 2022. Chuathas i gcomhairle le Coiste Eorpach na Réigiún an 10 Samhain 2021 agus iarradh a thuairim a thabhairt faoi dheireadh mhí Eanáir 2022.

## II. AN OBAIR LAISTIGH DEN CHOMHAIRLE

5. Sa Chomhairle, rinneadh an scrúdú ar an togra sa Mheitheal um Theileachumarsáid agus um an tSochaí Faisnéise (dá ngairtear anseo feasta: WP TELECOM). Ba í Uachtaránacht na Slóivéine a thionscain na pléití le linn chruinniú an 28 **Meán Fómhair** 2021. Ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí an tionscnamh agus a thábhachtaí atá sé dlús a chur leis na hiarrachtaí maidir le claochlú digiteach i gcomhthéacs géarchéime iar-COVID. Mhol siad freisin an tsolúbthacht a thugtar do na Ballstáit maidir le spriocanna digiteacha a bhaint amach. Ag an am céanna, measadh go raibh an amlíne a leag an Coimisiún síos an-uaillmhianach (i gcomhthéacs treochláir náisiúnta a ullmhú) agus chuir roinnt toscaireachtaí in iúl gurbh fhearr leo comhar neamhcheangailteach idir an Coimisiún agus na Ballstáit seachas sásra faireacháin agus comhair lánfheidhme atá ceangailteach.

   Díríodh sa phlé ar an ngá atá le haghaidh a thabhairt ar an mbaol ilroinnte idir réimsí an Aontais atá níos forbartha ó thaobh na teicneolaíochta de agus réimsí nach bhfuil chomh forbartha sin ó thaobh na teicneolaíochta de, lena gcuimsítear tionscail éagsúla agus grúpaí daonra éagsúla. Ar deireadh, bhí roinnt fiosrúchán ann maidir leis an maoiniú ata ar fáil ón Aontas Eorpach agus léiríodh imní go ndéanfaí dúbláil ar iarrachtaí maidir leis an gCuibhreannas don Bhonneagar Digiteach Eorpach (EDIC), ionstraim nua atá ceaptha chun cur chun feidhme na dTionscadal Ilnáisiúnta (MCPanna) a éascú.

6. I gcruinniú an 19 **Deireadh Fómhair**, díríodh ar na chéad cheithre airteagal den Chinneadh, ina gcumhdaítear an t-ábhar, na sainmhínithe, na cuspóirí ginearálta agus na spriocanna. Bhain ceisteanna leis an bhfoirm dhlíthiúil a roghnaíodh, leis an ngá atá le gné an aistrithe ghlais/dhigitigh a threisiú a mhéid a bhaineann leis na cuspóirí, le hiarmhairtí an neamhchomhlíonta agus leis an méadú ar an ualach riaracháin a d'fhéadfadh a bheith ann don earnáil phoiblí agus do FBManna.

7. An 16 **Samhain**, cuireadh tús leis an gcruinniú ag díriú ar na barúlacha agus na ceisteanna maidir le hAirteagal 4 a bhí fós gan réiteach. I bhfianaise na mbearnaí digiteacha ar fud na mBallstát agus laistigh díobh, measadh go raibh an leibhéal uaillmhéine ró-ard nó ró-íseal, ag brath ar na spriocanna a bhí á mbreithniú. Chuir roinnt toscaireachtaí i dtreis gur gá a shoiléiriú nach bhfuil na spriocanna ceangailteach ó thaobh an dlí de agus nár cheart go gcuirfí smachtbhannaí ar na Ballstáit toisc gan iad a bheith bainte amach ach d'áitigh toscaireachtaí eile go mbeadh gá le foirmlí áirithe a shainiú ar mhaithe le cur chun feidhme agus comhleanúnachas foriomlán. Ar deireadh, rinneadh fiosrúcháin maidir le figiúirí áirithe a d'úsáid an Coimisiún i ndáil leis na spriocanna éagsúla.

8. Thug an Coimisiún réamhfhreagraí ar na hábhair imní thuasluaite agus é a thabhairt dá haird cur chuige uaillmhianach ach cothrom an togra lena dtugtar tús áite don tsolúbthacht agus don chomhar. Chuir an Coimisiún i dtreis nach mbeadh spriocanna digiteacha ceangailteach ar leibhéal an Aontais ná ar an leibhéal náisiúnta agus go mbeidh an sásra comhair ceangailteach lena áirithiú go mbainfear amach cuspóirí agus spriocanna faoi 2030. Ag ceardlann a reáchtáladh an 22 Samhain, mhínigh an Coimisiún, ar bhealach níos mionsonraithe an luach a bhaineann le ECID. Ar deireadh, mheabhraigh an Coimisiún do na Ballstáit a thábhachtaí atá sé glacadh an chomhaid a thabhairt chun críche sa chéad leath de 2022 más féidir chun an chéad timthriall faireacháin bliantúil a chumasú chomh maith leis an gcéad EDIC faoi 2023.

9. Féachfaidh Uachtaránacht na Slóivéine fós le céad léamh an togra a thabhairt chun críche go rathúil le linn a téarma. I gcomhar le hUachtaránacht nua na Fraince, iarrfaidh Uachtaránacht na Slóivéine ar bharúlacha oifigiúla agus ar mholtaí oifigiúla agus moltaí oifigiúla ó na toscaireachtaí roimh dheireadh na bliana d'fhonn dréachtú an chéad togra comhréitigh ó Uachtaránacht na Fraince a éascú go luath in 2022 mar chomhad tosaíochta.

## III. CONCLÚID

10. Iarrtar ar COREPER an tuarascáil seo ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht a thabhairt dá aire, d'fhonn í a chur faoi bhráid na Comhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh ag an gcruinniú a bheidh aici an 3 Nollaig 2021.